2024/1770

24.6.2024

CINNEADH (CBES) 2024/1770 ÓN gCOMHAIRLE

an 24 Meitheamh 2024

a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Iúil 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/512/CBES [1].

(2) An 17 Bealtaine 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/1429 [2], lenar leasaíodh Cinneadh 2014/512/CBES agus lenar tugadh isteach tuilleadh bearta sriantacha chun gníomhaíochtaí craoltóireachta san Aontas, nó atá dírithe ar an Aontas, a chur ar fionraí, gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag eagraíochtaí meán áirithe dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2024/1429. De bhun Airteagal 1 den Chinneadh sin, tá infheidhmeacht na mbeart sin maidir le ceann amháin nó níos mó de na heagraíochtaí meán sin faoi réir cinneadh eile ón gComhairle.

(3) Tar éis di na cásanna faoi seach a scrúdú, chinn an Chomhairle gur cheart feidhm a bheith ag na bearta sriantacha dá dtagraítear in Airteagal 4g de Chinneadh 2014/512/CBES ón 25 Meitheamh 2024 maidir leis na heintitis uile dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2024/1429,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Beidh feidhm ag na bearta sriantacha dá dtagraítear in Airteagal 4g de Chinneadh 2014/512/CBES ón 25 Meitheamh 2024 maidir leis na heintitis uile dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2024/1429.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 24 Meitheamh 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

J. BORRELL FONTELLES

---

[1] Cinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 13).

[2] Cinneadh (CBES) 2024/1429 ón gComhairle an 17 Bealtaine 2024 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L, 2024/1429, 17.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1429/oj).